



Scoláireacht – Mion Fhionraíocht & Nuálaíochta

Tá Scoláireacht Mion Fhionraíocht & Nuálaíochta a mhairfidh suas le dhá bhliain á tairiscint ag Údarás na Gaeltachta d'iaratasóirí Gaeltachta le líofacht Ghaeilge, le hoiliúint fhoirmeálta agus taití phraiticiúil a fháil i réimse oibre na forbartha pobail.

Duine cumasach le cáilíocht 3ú leibhéal i bhforbairt pobail, i ngnó, i riarachán, nó in earnáil ghaolmhar atá á lorg. Beidh líofacht i labhairt na Gaeilge agus cruinneas i scríobh na Gaeilge ag an té a cheapfar.

Clár Oibre:

- Cuidiú le cur i bhfeidhm straitéis, polasaithe, pleananna agus gníomhaíochtaí Mion Fhionraíocht & Nuálaíochta an Údaráis i nGaeltachtaí na Gaillimhe agus Maigh Eo
- Ócáidí eolais agus oiliúna a eagrú do fiontraithe i nGaeltachtaí na Gaillimhe/Maigh Eo & An Mhí
- Tacaíochtaí praiticiúla, meantóireacht agus comhairle a chuir ar fáil do mhion-fiontair sa réigiún
- Tacaíocht a thabhairt do fheidhmithe na rannóige maidir le comhairle gnó agus maoinithe a chuir ar fáil do gnólachtaí sa cheantar
- Eolas ábhartha a scaipeadh ar Eagraíochtaí Forbartha Pobail agus ar choistí deonacha na Gaeltachta faoi dheiseanna maoinithe agus rl. sna Contaetha
- Tacú le forbairt Gréasán Gteic na Gaeltachta
- Tacú le imeachtaí agus gníomhaíochtaí líonrú micra fhiontair i nGaeltachtaí na Gaillimhe/Mhaigh Eo agus na Mí
- Tacú le feidhmiú Straitéis An Ghaeltacht Glas.
- Tacú le haidhmeanna agus le cuspóirí Straitéis an Údaráis 2021 - 2025 a chur i bhfeidhm ar gach uile bhealach ábhartha

Beidh an té a cheapfar lonnaithe in Ardoifig an Údaráis sna Forbacha, Co. na Gaillimhe. Íocfar liúntas €23,000 - €25,000 leis an té sin chomh maith le costais a bhainfeadh le cúrsaí oiliúna, costais iarchéime nó cáilíochtaí gairmiúla san áireamh.

Seol iarratas mar aon le CV as Gaeilge, roimh 5.i.n. Dé Céadaoin, 12ú Deireadh Fómhair 2022 chuig foluntais@udaras.ie nó chuig;

An Rannóg Acmhainní Daonna agus Forbartha Foirne,

Údarás na Gaeltachta,

Na Forbacha,

Co. na Gaillimhe.

Teil: 091 503100 Ríomhphost: foluntais@udaras.ie

Is fostaitheoir comhionannais é Údarás na Gaeltachta agus is í an Ghaeilge a theanga oibre.